Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11102 – SILVER FAWN / MHI / AYOSA HOTELES / EVERTMEL / JAMAICA DEVCO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 190/15)

1. An 22 Bealtaine 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Silver Fawn C 2023 S.à r.l. ('Silver Fawn', Lucsamburg), atá faoi rialú deiridh Abu Dhabi Investment Authority ('ADIA', AEA),

— Melia Hotels International S.A. ('MHI', an Spáinn),

— Ayosa Hoteles S.L, Evertmel S.L agus Jamaica Devco S.L (na 'Sprioc-chuideachtaí', an Spáinn).

Gheobhaidh Silver Fawn agus MHI rialú comhpháirteach ar na Sprioc-chuideachtaí de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is fochuideachta é Silver Fawn ar lánúinéireacht indíreach de chuid Abu Dhabi Investment Authority ('ADIA'), ar institiúid phoiblí é a bhunaigh Éimíríocht Abú Daibí in 1976 mar institiúid infheistíochta neamhspleách. Infheistíonn sé cistí a leithdháileann Rialtas Abú Daibí air agus bainistíonn sé punann infheistíochta domhanda atá éagsúlaithe ar fud cineálacha sócmhainní éagsúla,

— Oibríonn MHI níos mó ná 300 óstán in 48 dtír san Áise, san Eoraip, sa Mheán-Oirthear, san Afraic, i Meiriceá Theas, Meiriceá Láir agus Meiriceá Thuaidh, agus sa Chairib,

— Tá eastát réadach agus gnólachtaí seacht n-óstán agus club trá amháin atá lonnaithe in Calviá, Mallorca, an Spáinn ag na Sprioc-chuideachtaí. Roimh an idirbheart, tá na Sprioc-chuideachtaí á rialú go comhpháirteach ag MHI agus ag Woodford Inversiones, S.L.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11102 – SILVER FAWN / MHI / AYOSA HOTELES / EVERTMEL / JAMAICA DEVCO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË